



Title	Gaeilgeoirí agus an tArdoideachas: an gaol idir an t-oideachas agus cumas labhartha Gaeilge
Authors(s)	Watson, Iarfhlaith, Nic Ghiolla Phádraig, Máire
Publication date	2008-10
Publication information	Watson, Iarfhlaith, and Máire Nic Ghiolla Phádraig. "Gaeilgeoirí Agus an TArdoideachas: An Gaol Idir an t-Oideachas Agus Cumas Labhartha Gaeilge." St Mary's University College. Department of Irish, October 2008.
Publisher	St Mary's University College. Department of Irish
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/5657

Downloaded 2026-05-01 11:12:17

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)



© Some rights reserved. For more information

Ard-oideachas na nGaeilgeoirí: an gaol atá ann idir an t-oideachas agus cumas labhartha Gaeilge i sonraí staitistiúla an ISSP¹

Iarfhlaithe Watson agus Máire Nic Ghiolla Phádraig

Achoimre

San alt seo cuirtear i láthair torthaí nua taighde a thaispeánann go bhfuil coibhneas ann idir cumas labhartha Gaeilge agus leibhéal oideachais. Is léir ón taighde a rinne na húdair gur mó an seans go rachadh daoine le Gaeilge, ná daoine gan í, chun na hollscoile. Is ar shonraí a tháinig chun solais ó shuirbhé faoi fhéiniúlacht náisiúnta a rinne an Clár Suirbhé Comhdhaonaf Idirnáisiúnta (International Social Survey Programme – ISSP) a bhunaigh na húdair a n-anailís. Is mó an gaol seo (idir oideachas agus cumas labhartha Gaeilge) i measc daoine a rugadh sna 1950dí agus sna 1960dí, agus go háirithe i measc ban den aois sin, ach níl an gaol seo le brath le roinnt blianta anuas de bharr athruithe a rinneadh ar an chóras oideachais agus de bharr an bhorrtha san eacnamaíocht. Pléitear na torthaí seo i gcomhthéacs na feidhme polaitiúla a rinneadh den Ghaeilge agus den chóras oideachais thar na glúinte in Éirinn, fiú ar na saolta deireanacha. Pléitear an tionchar a bhí ag athruithe sa chóras oideachais ar an Ghaeilge, chomh maith le tábhacht na Gaeilge mar chaipiteal cultúrtha agus siombalach.

Réamhrá

Sa lá atá inniu ann ní labhraíonn Gaeilge go maith ach duine amháin as gach seisear i bPoblacht na hÉireann, ainneoin go bhfoghlaímíonn an chuid is mó de mhuintir an stáit í ar scoil ar feadh suas le ceithre bliana déag. Mar sin féin, deir trí huaire an méid

¹ Ba mhaith le hIarfhlaithe Watson a bhuíochas a ghabháil leis an Ollamh Dr Hermann Schwengel as an chuireadh chuig an Institut für Soziologie in Albert-Ludwigs-Universität Freiburg agus an t-alt seo á ullmhú aige.

sin go bhfuil Gaeilge acu agus tá an uimhir sin fiú i ndiaidh dúbailt le deich mbliana anuas. Ó 1922 anall tá áit thábhachtach ag an chóras oideachais riamh ag soláthar Gaeilgeoirí glúin i ndiaidh glúine. Más ait le rá é, tá líon na ndaoine a deir go bhfuil Gaeilge acu ag méadú ón am a laghdaíodh cuid de na tréithe éigeantacha i bpolasáí oideachais na Gaeilge. Sa lá atá inniu ann, in aigne an ghnáth-Éireannaigh tá an Ghaeilge ceangailte go dlúth leis an chóras oideachais mar gheall ar pholasaithe conspóideacha oideachais, ach tá gaol suimiúil eile ann idir an Ghaeilge agus an t-oideachas a tháinig chun solais sa Chlár Suirbhé Comhdhaonáí Idirnáisiúnta (International Social Survey Programme – ISSP): tá leibhéal níos airde oideachais ag céatadán níos mó daoine a deir go bhfuil Gaeilge mhaith acu ná atá ag na daoine a deir nach bhfuil. Tugann sé seo le fios go bhfuil oideachas níos fearr ar Ghaeilgeoirí ná mar atá ar an chuid eile den daonra.

Is é a mhalairt de scéal a bhí ann céad bliain ó shin agus roimhe sin. Le linn don Stát a bheith ag cur ina coinne ar feadh na gcéadta bliain bhí an Ghaeilge i ndiaidh dul ar gcúl go dtí nach raibh sí á labhairt ach sna ceantair ab iargúlta sa tír. Fiú, agus b'fhéidir go háirit, sna ceantair seo sa naoú haois déag chuir córas oideachais an stáit an Ghaeilge faoi bhrú. I rith an ama sin bhí gaol in aigne na ndaoine idir an Ghaeilge agus an bochtanas agus an t-aineolas.

Caithfear rabhadh a thabhairt – cé go ndúirt an líon céanna duine i ndaonáirimh 2002 agus 1851 gur Gaeilgeoirí iad, is beag amhras go raibh náire ar mhórán daoine in 1851 a rá go raibh Gaeilge acu agus, dá bharr sin, is cinnte go raibh i bhfad ní ba mhó ná 1.5 milliún duine ábalta Gaeilge a labhairt in 1851. Os a choinne sin, tá a fhios againn ó shuirbhéanna éagsúla (atá le plé thíos) nach bhfuil ach thart faoi thrían den 1.5 milliún duine a deir go bhfuil Gaeilge acu sa lá atá inniu ann in ann í a labhairt. Caithfear a chur san áireamh fosta go bhfuil daoine a d'fhoghlaim an

Ghaeilge mar an dara teanga ann anois in ionad na gcainteoirí dúchais a bhí ann in 1851.

Córas Oideachais na hÉireann

Bhí spreagadh polaitiúil taobh thiar den chinneadh a rinneadh an Ghaeilge a chur sa churaclam ar bhealach chomh héigeantach sin go luath i ndiaidh don tír a neamhspleáchas a bhaint amach. Nuair a dhéantar anailís ar thoradh a leithéid de pholasaithe teanga agus oideachais caithfear feidhm an chórais oideachais i leith an daonlathais agus na heacnamaíochta a cheistiú sa mhéid nach é amháin go gcuireann an córas sin oideachas ar dhaoine, ach go gcuireann sé saoránaigh, oibríthe, fiontrairí ar fáil. Thig leis an chóras oideachais a bheith ina chomhpháirt fheidhmiúlachta (functional component) de chóras pholaitiúil nó eacnamaíochta i sochaí ar bith. Le fada an lá, tá léamh, scríobh agus bun-mhatamaitic riachtanach do gach duine sa tsochaí. Ní hé amháin go bhfuil siad riachtanach do gach duine lá i ndiaidh lae, ach tá daoine ag a bhfuil bunoidéachas de dhíth ar fhostaitheoirí leis na céadta bliain anuas. Is féidir a rá go bhfuil an córas oideachais ón bhunscoil go dtí an ollscoil dírithe ar fhostaithe a chur ar fáil ag a mbeadh an leibhéal oiriúnach oideachais. Mar an gcéanna, cumtar cúrsaí sa stair, sa tíreolaíocht chun úsáide na scoileanna d'aonturas le go gcuirfidh an córas oideachais ar fáil saoránaigh ag a mbeidh dearcadh 'oiriúnach'. Is féidir a áiteamh go bhfeidhmíonn an córas oideachais ar son an chórais pholaitiúil agus eacnamaíochta.

Comhlíonann córas oideachais na hÉireann feidhmeanna éagsúla ar bhealaí éagsúla ag amanna éagsúla. B'fhéidir gur cheart 'an córas oideachais in Éirinn' a lua, seachas 'córas oideachais na hÉireann', mar go raibh córas oideachais náisiúnta in Éirinn roimh an neamhspleáchas a bhaint amach, ach ní raibh curaclam róghaelach

ann. Bunaíodh an córas oideachais náisiúnta in Éirinn sa bhliain 1831. B'fhéidir gur ceann de na fáthanna ar cuireadh an córas oideachais seo ar fáil mar gur thuig rialtas na linne úd go gcaithfí muintir na hÉireann a mhúnlú – ‘must mould the heart of Ireland in conformation to British sentiment, and the interests of a united empire; and they [the British] have discovered that the great instrument of this must be EDUCATION’ (Taylor 1817: 8). Ba iomaí ráiteas eile a bhí ann a léirigh an cineál céanna dearcaidh. B'fhéidir go bhfeicfear feidhm pholaitiúil an chórais oideachais náisiúnta ar bhealach níos soiléire má chuimhnítear go raibh scoileanna ann in Éirinn cheana féin. Bhí an córas scoil scairte i ndiaidh a bheith ann le os cionn céad bliain. Bhí 7,600 scoil ann agus níos mó ná 400,000 dalta sa chóras sin sna 1820dí (Dowling 1968: 42). Bhí scoileanna scairte ann in ainneoin fhrith-Chaitliceachas na bpéindlíthe. Lena gcois sin bhí scoileanna paróiste Caitliceacha ina raibh 35,000 dalta, scoileanna cairte Protastúnacha (Protestant charter schools), scoileanna Erasmus Smith ag a raibh 11,000 dalta agus scoileanna craobhscaoilte creidimh Protastúnacha (Protestant proselytising schools) ag a raibh 120,000 dalta (Ó Ciosáin 1997: 40). Chuir an Stát leis an smacht a bhí aige nuair ghlac sé ceannas ar mheánscoileanna Caitliceacha in 1878.

Tá an choimhlint pholaitiúil atá i gceist le sonrú i gcóras na hollscoilíochta fosta. Sa chomhthéacs seo fosta is coimhlint chreidimh a bhí ann. Ba é a d'fhógair an Bhanríon Eilís go mbeadh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Claith, (a bunaíodh i 1592) ina choláiste:

for learning whereby knowledge and civility might be encreased by the instruction of our people there, whereof many have usually heretofore used to travel into France, Italy or Spain to get learning in such foreign universities

where they have been infected with popery and other ill qualities, and so become evil subjects. (Crowley 2005: 37).

Chomh maith le sin, i margántaíocht leis an mBanríon Eilís, i treo dheireadh Chogadh Na Naoi mBliana (1594-1603), d'éiligh Aodh Mór Ó Néill (c. 1540-1616) '[that] there be erected a University upon Crown Rents of Ireland, wherein all sciences shall be taught according to the manner of the Catholic Church' (Crowley 2005: 37). Níor géilleadh don éileamh an uair úd ach, beagnach dhá chéad bliain ina dhiaidh sin in 1795, bunaíodh Coláiste Naomh Pádraig i Maigh Nuad trí acht de chuid Pharlaimint Ghrattan i mBaile Átha Cliath. Dúradh gurbh é an aidhm a bhí leis: 'for the better education of persons professing the popish or Roman Catholic religion'. Mhaoinigh Rialtas Londan í le stop a chur le sruth na macléinn a bhí ag tarraingt ar ollscoileanna na mór-roinne ag am a raibh réabhlóidí poblachtánacha ag tarlú go forleathan, agus iad ag bagairt ar mhonarcacht na Breataine. Tionchar gallda a bhí ag coláiste sin Mhaigh Nuad, mar, ainneoin gur Gaeilge amháin a bhí ag roinnt mhaith de Chaitlicigh na tíre sa naoú haois déag, bhí an Ghaeilge chomh himeallach i Maigh Nuad is a bhí sí i gColáiste na Tríonóide. Déaga de bhlianta ina dhiaidh sin a bunaíodh an Ollscoil Chaitliceach agus trí cinn d'Ollscoileanna na Banríona níos déanaí sa naoú haois déag.

Ón tréimhse roimh an ochtú haois déag anuas go dtí deireadh an fichiú haois tá sé soiléir gur baineadh feidhm as an chóras oideachais in Éirinn chun aidhmeanna polaitiúla. San ochtú haois déag (agus fiú roimhe sin) bhí iarrachtaí á ndéanamh le bac a chur ar oideachas na gCaitliceach in Éirinn. Le linn an naoú haois déag is é rud a baineadh úsáid as an chóras oideachais le saoránaigh Bhriotanacha a dhéanamh de mhuintir na hÉireann. Le fás na gluaiseachta náisiúnaí go déanach sa naoú haois déag,

agus go háirithe i ndiaidh neamhspleáchas na tíre, úsáideadh an córas oideachais mar iarracht ar mhuintir na hÉireann a dhéanamh níos Gaelaí.

Fillfear ar úsáid pholaitiúil an chórais oideachais thíos, mar a mbeifear ag plé go sonrach leis an Ghaeilge. Ach sa lá atá inniu ann tá aidhmeanna eacnamúla an chórais oideachais níos soiléire ná na haidhmeanna polaitiúla féin. Cé nach bhfuil na haidhmeanna polaitiúla le haithint ar bhealach chomh soiléir is a bhíodh, is ann dóibh fós. Ar na saolta seo chun riachtanais fhostaíochta an Tíogair Cheiltigh a shásamh tá oideachas á chur ar níos mó daoine agus ar feadh tréimhse níos faide ná bhíodh cheana. Tá rath eacnamaíochta na hÉireann ag brath go mórmhór le tamall anuas ar infheistíocht ó thar lear, infheistíocht atá bunaithe í féin cuid mhór ar an fhealsúnacht a áitíonn go bhfuil leibhéal maith oideachais curtha ar fhostaithe na hÉireann agus go bhfuil cur chuige séimh, géilliúil acu seo. Sna sonraí ón ISSP (2003) léirítear gur chríochnaigh os cionn leath na ndaoine (58.2%) oideachas meánscoile. Is é sin le rá go bhfuair a leithéidí thart ar cheithre bliana déag d'oideachas. D'fhág an ceathrú cuid den daonra (25.8 faoin gcéad) an scoil gan aon cháilíocht a bhaint amach agus ní raibh níos mó ná an t-oideachas bunscoile curtha ar roinnt mhaith acu seo. Le linn ré an Tíogair Cheiltigh tá an rialtas ag cur chun cinn oideachas ollscoile (nó a leithéid) le hoibrithe cáilithe a chur ar fáil a bheidh ábalta poist a bhaint amach a bhfuil pá níos airde ceangailte leo agus le go mbeidh Éire ina tír tharraingteach le haghaidh a leithéidí de phoist. D'fhreastail beagnach trian den daonra (29.9%) ar ollscoil (nó a macasamhail). Tá tábhacht ag cúrsaí aoise sa chás seo, ó tharla go bhfuil daoine ag caitheamh tréimhse níos faide ag dul faoi oideachas le blianta beaga anuas. Mar léiriú air sin is fiú a lua gur fhreastail beagnach leath den daonra (47.9%) faoi bhun daichead bliain d'aois ar ollscoil (nó a macasamhail). Tá patrún den chineál céanna ann i gcás na meánscoile fosta, go háirithe ó tugadh isteach oideachas meánscoile saor

in aisce sna 1960dí. Tá sé suimiúil a thabhairt faoi deara gur cuireadh oideachas dara leibhéal ar fáil saor in aisce ag an am ar thosaigh pleanáil eacnamúil an stáit agus ansin gur i gcaitheamh ré an Tíogair Cheiltigh sna 1990dí a cuireadh oideachas ollscoile ar fáil saor in aisce chomh maith.

An Ghaeilge

Tá an Ghaeilge ar mhiontheangacha an Aontais Eorpaigh agus an domhain. Cé gur teanga oifigiúil de chuid an Aontais í is mionteanga í freisin. Ach ní mionteanga a bhí inti i gcónaí. Níos mó ná cúig chéad bliain ó shin ní hé amháin gur labhair formhór mhuintir na hÉireann teanga na Gaeilge, ach labhair móran de mhuintir na hAlban í fosta. Dá bharr sin, ba í an teanga ab fhorleithne sna hoileáin seo trí chéile í. Ach ón seachtú aois déag ar aghaidh tá meath tagtha ar an Ghaeilge.

Mar a tharla don chóras oideachais, rinneadh mí-úsáid den Ghaeilge leis na céadta bliain fosta ar mhaithe le haidhmeanna polaitiúla. Fiú chomh luath leis na 1270dí dúradh le rí Shasana gur naimhde an rí a bhí sna Gaeilgeoirí ('Hybernica lingua vobis et vestris sit inimica', Watt 1987: 346). Ó Reachtanna Chill Chainnigh (1366) ar aghaidh rinneadh iarrachtaí an dlí a úsáid i gcoinne na Gaeilge. Anuas go dtí an seachtú haois déag bhíothas ag féachaint ar an dóigh sin le cosc a chur ar Bhéarlóirí teanga agus nósanna na nGael a ghlacadh chucu féin, mar go raibh siad ag éirí ní ba Ghaelaí ná na Gaeil féin ('hiberniores hibernis ipsos' mar a dúradh san am úd). Ón séú haois déag anall polasaí éiginnte a bhí ann i leith usáid na Gaeilge a raibh sé mar aidhm aige Caitlicigh na hÉireann a iompú ina bProtastúnaigh. Ar lámh amháin aistríodh an Tiomna Nua go Gaeilge (i gcló i 1602) agus tugadh le fios gur ceann de na fáthanna a raibh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar bun le hábhair chléire Protastúnach le Gaeilge a chur faoi oiliúint (Crowley 2005: 18). Ar an

lámh eile bhí dlíthe ann cosúil leis an ‘Act for the English Order, Habit and Language’ (1537) a rinne leatrom ar an Ghaeilge.

Bhí céad chomharthaí mheath na Gaeilge le sonrú i ndeireadh na Ré Gaelaí sa seachtú haois déag. D’athraigh an struchtúr polaitiúil agus eacnamúil ó bhonn agus ba é an Béarla teanga na tráchtála agus na polaitíochta feasta. Bhí an difríocht sin le haithint go han-soiléir san ochtú haois déag agus an pobal faoi leatrom ag na Péindlíthe. Le gan ach trian den aois sin caite, measadh gurbh í an Ghaeilge fós an ghnáth-theanga laethúil a bhí ag thart ar dhá dtrian de dhaonra na hÉireann.² Cé gur thosaigh daoine ag cur suime sa Ghaeilge ar mhaithe le cúrsaí ársaíochta, san am sin, i ndáiríre, bhíothas ann fosta a dúirt gur cheart an Ghaeilge a dhíbirt as béal na ndaoine.

Ba é a mheas Whiteley Stokes gurbh í an Ghaeilge an rogha teanga a bhí ag leath an daonra i deireadh na haoise sin agus nach raibh ach Gaeilge amháin ag 800,000 duine (Crowley 2005: 74). I rith an naoú haois déag lean an céatadán Gaeilgeoirí sa tír ag laghdú i gcónaí, fhad is a lean an daonra ag fás go dtí gur shroich sé 8,000,000 roimh an Ghorta Mór sna 1840dí. De bharr go raibh an Ghaeilge ní b’fhorleithne sna ceantair bhochta, iargúlta faoin am sin, ba mhó a chuaigh an Gorta agus ag an imirce i bhfeidhm ar lucht labhartha na Gaeilge ná na Béarlóirí.

Figiúr 1 anseo

Sa chéad daonáireamh a tógadh i ndiaidh an Ghorta bhí 1,524,285 Gaeilgeoirí ann (23.3% den daonra). Cé go bhfuil isteach is amach ar an líon céanna Gaeilgeoirí (1,570,894 nó 41.9%) luaite sa daonáireamh i 2002, bhí dearcadh an phobail i ndiaidh athrú bun barr le linn an chéad caoga bliain idir an dá dhaonáireamh. Is cinnte go

² Ba thuairim is céad bliain níos déanaí a rinne John Windele an meastúchán sin agus is baolach, dá bhrí sin, nach bhfuil sé róchruinn.

raibh Gaeilge ag níos mó ná milliún go leith duine sna 1850dí ach nár mhaith leo a admháil go raibh siad ábalta teanga an bhochtanaís agus an aineolais a labhairt. A mhalairt sin atá fíor sa lá atá inniu ann: níl formhór an milliúin go leith a deir go bhfuil Gaeilge acu ábalta í a labhairt go rómhaith nó, b'fhéidir, ar chor ar bith. Sna blianta i ndiaidh an Ghorta tháinig meath chomh gasta sin ar líon na nGaeilgeoirí nach raibh ach 553,717 Gaeilgeoirí (17.6 faoin gcéad den daonra) fágtha in Éirinn faoi 1911. Ba i rith an ama sin a thosaigh gluaiseacht na Gaeilge ina raibh cuid díobh siúd páirteach a bhí ar son ghluaiseacht náisiúnach an neamhspleáchais pholaitiúil. Sna céadta bliain roimhe sin rinneadh iarracht Béarla a chur in áit na Gaeilge mar gur cheap an rialtas gur chontúirt ab ea an Ghaeilge do shlándáil na ríochta ach, ó na 1840dí anall, bhí sé d'aidhm ag gluaiseacht na Gaeilge an teanga sin a athbheochan mar gur shiombal den fhéiniúlacht náisiúnta í. Ghlac an Stát nua ceannas seilbh ar na haidhmeanna sin nuair a d'éirigh le hÉirinn a neamhspleáchas a bhaint amach i mbliain 1922. I rith an naoú haois déag bhí meath i ndiaidh teacht ar líon na nGaeilgeoirí go dtí nach raibh sí á labhairt ach i gceantair ar leith sa tír: 'An Ghaeltacht' a tugadh mar ainm ar na ceantair seo. Lean an Ghaeilge ag meath fiú sna ceantair Ghaeltachta sin agus b'ionann meath na Gaeltachta agus meath na Gaeilge in aigne fhórmhór mhuintir na tíre. Mar a luadh thuas, measadh go raibh thart ar 800,000 duine ann faoin bhliain 1800 nár labhair ach Gaeilge. Laghdaigh an figiúr seo go 319,602 (4.9%) faoi lár na haoise agus arís go 16,873 (2.9%) faoi thús an fichiú haois (Crowley 2005). Sa lá atá inniu ann níl aon duine ann nach labhraíonn ach Gaeilge.³ De réir dhaonáireamh na bliana 2002 tá cónaí ar 2.3% de dhaonra na hÉireann sa Ghaeltacht, ach gurb ann do ghrúpa níos mó ná an ceathrú cuid den limistéar sin

³ Tá cásanna speisialta ann, ar ndóigh – páistí an-óga nár fhoghlaim an Béarla fós agus roinnt seandaoine a bhfuil dearmad déanta acu ar a gcuid Béarla.

(27.4%)⁴ nach Gaeilgeoirí iad. Tagann uaidh sin gur céatadán beag de dhaonra na hÉireann iad Gaeilgeoirí na Gaeltachta. (1.7%). Tá thart faoi ochtó míle duine (86,517) ina gcónaí sa Ghaeltacht agus is Gaeilgeoirí iad tuairim is seasca míle duine (62,157, nó 72.6%, ag cur san áireamh inimirceach a bhfuil Gaeilge ón scoil acu). Tá meath leanúnach i ndiaidh a bheith ar an Ghaeilge sa Ghaeltacht, ó 82.9% i 1971 go dtí 77.4% i 1981 (Fishman 1991) anuas go dtí 72.6% i 2002.

Bíodh gur lean meath na Gaeilge leis sa Ghaeltacht agus gur comhartha ar mheath na Gaeilge i gcoitinne ba ea an meath sin, is é rud a tháinig méadú ar líon na nGaeilgeoirí in Éirinn trí chéile i gcaitheamh an fichiú haois. Tá an méadú sin níos follasaí fós ach slat tomhais shuibíochtúil a chur i bhfeidhm (díriú ar dhaoine, cuir i gcás, a deir go bhfuil Gaeilge acu) seachas slat tomhais níos oibíochtúla (díriú ar chumas labhartha na Gaeilge, mar shampla). Ach, mar a luadh thuas, b'ar éigin a bhí luach cultúrtha nó eacnamúil ar bith ag baint le labhairt na Gaeilge i lár an naoú haois déag, go dtí gur baineadh neamhspleáchas polaitiúil amach tráth a aithníodh an Ghaeilge mar shiombal d'fhéiniúlacht an náisiúin agus teanga a bhí úsáideach le post a ghnóthú sa tseirbhís phoiblí. Dá bharr sin, is cinnte go bhfuil na figiúir le haghaidh lár an naoú haois déag ní b'isle ná mar ba chóir agus, ar a mhalairt de dhóigh, figiúir an fichiú haois ró-ard.

Figiúr 2 anseo

Rinne an Stát Éireannach neamhspleách roinnt iarrachtaí sna blianta tosaigh an Ghaeilge a athbheochan. Cé go raibh roinnt mhaith daoine i ngluaiseacht na Gaeilge i bhfabhar an dátheangachais roimh thréimhse an neamhspleáchais in Éirinn, thug an Stát nua polasaithe níos radacaí isteach. Ghlac an Stát ceimeanna siombalacha – úsáid

⁴ Atá imithe i méid ó 22.9% sa bhliain 1996.

focail Ghaeilge in ainmneacha agus i dteidil oifigiúla, mar shampla, mar aon le bearta coinchréiteacha, mar shampla scrúduithe Gaeilge faoi choinne fostaíochta agus ardú céime sa Státseirbhís. Bhain an Stát triail as na meáin chumarsáide a úsáid le heolas ar an Ghaeilge a thabhairt don phobal (Watson 2003) agus, go ríthabachtach, tugadh ar pháistí an Ghaeilge a fhoghlaim ar scoil, rud a phléifear ar ball.

Sa daonáireamh is déanaí (2006) dúirt 42% de dhaonra na hÉireann go bhfuil Gaeilge acu.⁵ Ag tarraingt as suirbhéanna ó na 1970dí ar aghaidh atá déanta ag an Committee on Irish Language Attitudes Research (CLAR) agus ag Institiúid Teangeolaíochta na hÉireann (ITÉ), léirítear go bhfuil idir 10 agus 15% de dhaonra na hÉireann in ann Gaeilge a labhairt go maith. I suirbhé de chuid an ISSP (2003) fuarthas amach go ndeir 16% den daonra go bhfuil siad in ann Gaeilge a labhairt go maith. Ach ní labhraíonn fórmhór na ndaoine seo Gaeilge go laethúil. Trian de na daoine a deir go bhfuil Gaeilge acu a labhraíonn go laethúil í, de réir figiúir daonáirimh 2006.⁶ Tá táblaí usáideacha ar fáil i ndaonáireamh 2006 a thaispeánann go bhfuil an figiúir seo sceabhach de bharr úsáid na Gaeilge sa chóras oideachais. De réir figiúir daonáirimh 2006, is ar scoil amháin a labhraíonn cúigear as gach seisear Gaeilge a labhraíonn go laethúil í. Fágann sé sin nach labhraíonn ach 2% (85,076 duine) de dhaonra na hÉireann Gaeilge go laethúil taobh amuigh den scoil. Ach má chuirimid na daoine a labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil leo siúd a labhraíonn go laethúil í faighimid 4.3% (182,165 duine). Á chur sin i gcomparáid le figiúir ó shuirbhéanna CLAR, ITÉ agus ISSP, taispeántar go bhfuil a dhá oiread sin daoine (thart faoi 350,000 duine) a bhfuil Gaeilge acu, nach mbíonn an deis acu í a labhairt ach go hannamh.

⁵ Cé go bhfuil an céatadán a deir go bhfuil Gaeilge acu mar an gcéanna i 2006 agus 2002, ní mór a aithint gur tháinig méadú ar dhaonra na tíre féin idir an dá linn agus, dá réir sin, méadú os cionn 80,000 duine ar líon na ndaoine a deir go bhfuil Gaeilge acu.

⁶ De réir daonáirimh 2002 ní raibh ach an ceathrú cuid de na daoine a dúirt go raibh Gaeilge acu ag labhairt na teanga go laethúil.

Figiúr 3 anseo

Is é an scéal atá inniu ann go ndeir os cionn milliún go leith duine go bhfuil Gaeilge acu ach nach bhfuil ach os cionn leathmhilliún acu sin in ann í a labhairt⁷ (agus, de réir daonáirimh 2006, ní labhraíonn ach trian acu sin an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den scoil) agus nach bhfuil cónaí ach ar an deichiú cuid den leathmhilliún sin sa Ghaeltacht. Le haghaidh a thabhairt ar an chor seo caithfear tuiscint a fháil ar an pháirt atá i ndiaidh a bheith ag an chóras oideachais sa scéal. Tabharfaidh sé seo léargas dúinn ar cén fáth a bhfuil leibhéal oideachais níos airde ar chéatadán níos mó Gaeilgeoirí ná ar dhaoine gan Ghaeilge.

An Ghaeilge agus an Córas Oideachais

Ag cur an dá eilimint (teanga agus oideachas) le chéile bheifí ag súil le go mbeadh ról na Gaeilge sa chóras oideachais polaitiúil chomh maith. Téann fréamhacha na ceiste seo siar na céadta bliain: cuirim i gcás, ‘parish schools date back to 1537 and the chief aim was the instruction, by the clergy, of the Irish and their children in the English language’ (Enhanced British Parliamentary Papers on Ireland, 1801-1922 (EPPI) <http://www.bopcris.ac.uk/eppi/ref12643.html>). Níorbh é an t-oideachas an t-aon aidhm amháin a bhí leo. Cé go dtéann an cheist seo siar chomh fada sin, is iad an dá chéad bliain ba dheireanaí is tábhachtaí. I 1812 scríobh Dewar ar bhealach a léiríonn dearcadh seo na gcéadta bliain:

Make any people intelligent and rational and they will gradually lose their prejudices; many of them will acquire a taste for general knowledge, and they will seek for it in the general tongue of the empire (Dewar 1812).

⁷ Bheadh sé suimiúil a fháil amach cé chomh líofa sa Ghaeilge agus atá an leathmhilliún duine sin.

Tá sé soiléir ón ráiteas sin go raibh an córas oideachais á úsáid le saoránaigh ghéilliúla de chuid na himpireachta a dhéanamh de mhuintir na hÉireann agus Béarla a chur in áit a gcuid Gaeilge.

Bunaíodh córas oideachais náisiúnta in Éirinn i 1831 agus ní raibh an Ghaeilge ar an churaclam. Déanta na fírinne, bhí an scoil ar cheann de na bealaí a bhí ann le fáil réidh leis an Ghaeilge. D'oibrigh na tuismitheoirí agus na múinteoirí as lámh a chéile le cinnte a dhéanamh de go bhfoghlaimeodh na páistí Béarla. Thuig na tuismitheoirí go mbeadh Béarla de dhíth ar a gcuid páistí dá mbeadh siad le dul ar imirce nó aistriú go ceantair eile in Éirinn féin. Bhí pionós corportha mar chuid den scéim le Béarla a bhrú ar pháistí. Chrochtaí bata scóir thart ar mhúineál na ndaltaí, ghearrtaí eang air nuair a labhraíodh an dalta Gaeilge agus d'fhaigheadh an leanbh buillí dá réir mar chúiteamh. Cé nach polasaí oifigiúil stáit a bhí ann, bhíodh tacaíocht le fáil ó na leibhéil ab airde. I 1884, mar shampla, sa chomhfhreagras idir Coimisinéirí an Oideachas Náisiúnta agus Príomh-Rúnaí na hÉireann i leith litir ó Aontas na Gaeilge (Gaelic Union) inar moladh go mbeadh an Ghaeilge mar ghnáthábhar curaclaim, scríobh na Coimisinéirí go raibh na tuismitheoirí ag iarraidh gur i mBéarla a chuirfí oideachas ar a gcuid páistí (EPPI <http://www.bopcris.ac.uk/eppi/ref12613.html>).

Le glúin nó dhó anuas tá sé soiléir fiú sna Gaeltachtaí is láidre, go bhfuil daoine atá in aois tuismitheora i bhfáthach le páistí a thógáil le Béarla, cé go bhfuil dearcadh deimhneach acu i leith na Gaeilge agus cumas maith labhartha Gaeilge acu fosta (Ó Riagáin 1992). Ní scéal rúndiamhair é sin – tá an Béarla de dhíth ar na páistí mar gurb í seo teanga na tráchtála agus na polaitíochta le fada agus fiú *lingua franca* na tíre; ba lú an seans a bheadh ag páistí na Gaeltachta Béarla a fhoghlaim dá mb'í an Ghaeilge a bheadh á labhairt sa teach, sa phobal agus ar scoil agus, go háirithe, gan curaclam

ceart Béarla a bheith ann le haghaidh foghlaimeoirí Béarla. Dá bharr sin mothaíonn tuismitheoirí na gceantar Gaeltachta is láidre Gaeilge gur gá dóibh Béarla a mhúineadh dá bpáistí.

Ag tarraingt ar dheireadh an naoú haois déag tháinig fás ar thabacht na Gaeilge sa ghluaiseacht náisiúnta. Is féidir an méid sin a aithint i scríobinn de chuid Thomáis Dáibhéis go luath sna 1840dí. Thug sé seo cuairt ar an Ghearmáin le linn 1839-40 mar ar tháinig tionchar air ó na smaointe a d'eascair ó Rómánsachas na Gearmáine a dhearbhaigh gur aonad teanga agus cultúrtha amháin a bhí sa náisiún. Scríobh Dáibhéis neart alt ar an ábhar seo ina pháipéar nuachta *The Nation* agus b'é a chum an mana 'educate that you may be free'. Ba é an Dáibhéiseach fosta a thug le chéile an t-oideachas agus an Ghaeilge mar an t-aon ábhar polaitiúil cónasctha amháin. Go háirithe ó na 1880dí ar aghaidh bhí Gluaiseacht na Gaeilge ag cur béim faoi leith ar an tábhacht a bhain leis an Ghaeilge a thabhairt isteach sa chóras oideachais ag gach leibhéal. D'éirigh leis an aidhm seo de réir a chéile ó 1879 ar aghaidh agus, i ndiaidh 1879, ceadaíodh an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar breise taobh amuigh de ghnáthuaireanta scoile. I ndiaidh 1900 ceadaíodh an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar roghnach i rith gnáthuaireanta scoile, fhad is a bheadh na cigirí sásta leis an chaighdeán a bhí bainte amach ag daltaí sna hábhair eile. Sna blianta ina dhiaidh sin, cé bith, tuairiscíodh nach raibh caighdeán leath na scoileanna ard go leor le go dtabharfaí cead an Ghaeilge a mhúineadh iontu. I 1904 tugadh isteach clár dátheangach sna ceantair inar raibh an Ghaeilge fós á labhairt. Faoin am ar tháinig neamhspleáchas na tíre i 1922, bhí 239 scoil den chineál sin ann. Sna meánscoileanna bhí an Ghaeilge ar fáil mar ábhar roghnach ó 1878 ar aghaidh. Ar dtús ní dhearna ach 10% de na daltaí an scrúdú Gaeilge; mhéadaigh sé seo go dtí 20 nó 30% faoi thosach an fichiú haois agus mhéadaigh an céatadán go mór i ndiaidh 1913 mar gur tugadh an

Ghaeilge isteach mar ábhar éigeantach le haghaidh scrúdú máithreánach Ollscoil na hÉireann (Kelly 2002).

I rith leath deiridh an naoú haois déag agus thosach an fichiú haois chur muintir Ghluaiseacht na Gaeilge an locht ar an chóras oideachais i leith an mheatha a bhí tagtha ar an Ghaeilge, agus ba é an dearcadh céanna a ghlac an Stát neamhspleách chuige féin ó thosach. Dá bharr sin rinneadh úsáid den chóras oideachais mar iarracht ar an Ghaeilge a athbheochan. Chomh luath le 1899, fiú, scríobh an tAth. M. P. Ó hÍcí, ball mór le rá de chuid Chonradh na Gaeilge: ‘even though half the subjects in the programme should have to be sacrificed, the language of the country should be taught in all the schools of Ireland’ (Kelly 2002). Cé go bhfuil cuma ainmheasartha ar an dearcadh céanna, is é rud a rinne an Stát roinnt ‘íobairtí’ ar son na Gaeilge sa chóras oideachais. I 1922, mar shampla, socraíodh go múiní canadh, stair agus tíreolaíocht trí Ghaeilge agus go mbainí eolaíocht bhunúsach, sláinteachas, eolas dúlra agus léann baile den churaclam le spás a dhéanamh do mhúineadh na Gaeilge. Is iontach an rud é fosta nach raibh Roinn Oideachais féin ann le linn an chéad dá bhliain de réim an stáit nua, cé go raibh Roinn Ghaeilge ann agus réimse an oideachais faoina sainchúram siúd. Bhí íobairtí eile ann lena gcois siúd a rinne an Stát ar son na Gaeilge thar na bhlianta, caighdeán na matamaitice agus na léitheoireachta a íslíú sa bhunscoil, mar shampla, le tuilleadh ama a chur ar fáil faoi choinne múineadh na Gaeilge agus, sa mheánscoil, bhí pas sa Ghaeilge riachtanach le go n-éireodh an tArdteastas san Oideachas le hiarrthóir. Bhí roinnt mhaith de na socrúithe seo fós i bhfeidhm go dtí na 1970dí agus tá Gaeilge fós ina hábhar éigeantach iontrála i mball-Choláistí de chuid Ollscoil na hÉireann – riachtanas a tugadh isteach i 1913.

Is é an t-áiteamh atá déanta ag daoine éagsúla nach é amháin go ndearnadh íobairt de chaighdeán an oideachais ar mhaithe le polasaí na hathbheochana, ach go

rabhthas ag coinneáil riar mhaith daltaí éirmiúla siar de bharr a n-easpa cumais Gaeilge (Kelly 2002). Ó na 1970dí ar aghaidh mhaolaigh an Stát cuid mhaith ar ghnéithe éigeantacha dá pholasaí Gaeilge – agus chuir roinnt eile ar ceal – de réir mar a athraíodh an fócas ó dhearcadh chomhéigneach go cearta mionlach. Le blianta beaga anuas níl modh oibre an Stáit chomh comhéigneach ar lámh amháin agus a bhí agus, os a choinne, tá lear tionscnamh nua bunaithe ag grúpaí neamhspeácha Gaeilgeoirí agus ag na heagraíochtaí Gaeilge. Seans gur de bharr an laghdaithe atá tagtha ar an chomhéigniú atá dearcadh fabhrach i leith na Gaeilge le feiceáil sa mhéadú mór atá tagtha ó na 1970dí anuas ar líon na ndaoine sa daonáireamh a deir go bhfuil Gaeilge acu: tá dúbailt tagtha ar líon na ndaoine, ó thrí cheathrú milliúin sna 1970dí go dtí os cionn milliún go leith i 2006 (nó 42% de daonra). Ach níl fás mar seo le feiceáil i líon na ndaoine a bhfuil Gaeilge líofa acu – isteach is amach ar 16%, de réir shuirbhé an ISSP i 2003. Tá sé seo beagán níos mó ná an 10% (nó mar sin) a bhí le feiceáil is suirbhéanna CLAR agus ITÉ idir na 1970dí agus na 1990dí (mar a luadh thuas). Is dóiche gur dearcadh deimhneach i leith na Gaeilge den chuid is mó atá le feiceáil sa daonáireamh is déanaí.

Leibhéal Oideachais

Tá athruithe suntasacha teangeolaíocha le haithint thar thréimhse céad bliain. Bíodh nár tháinig mórán athruithe ar líon na gcainteoirí Gaeilge, níl an líofacht chainte ná minicíocht na cainte chomh hard is a bhíodh. In áit cainteoirí ó dhúchas, is daoine a d'fhoghlaim Gaeilge mar dhara teanga atá i bhformhór na gcainteoirí Gaeilge. Níl na deiseanna céanna ag na daoine seo an Ghaeilge a labhairt, faoi mar a bhíodh ag na pobail Ghaeltachta inar labhraíodh Gaeilge ar feadh na mílte bliain. Fiú amháin sna

pobail Ghaeltachta féin, tá líofacht chainte agus deiseanna labhartha na Gaeilge imithe i léig.

A bhuíochas don chóras oideachais is mó atá cainteoirí Gaeilge fós á gcruthú. Dar le hÓ Riagáin (1988) murach go soláthraíonn na scoileanna líon cainteoirí dátheangacha atá beag ach díograiseach, go mbeadh deireadh tagtha leis an mionlach Gaeilgeoirí i bhfad ó shin. Lena chois sin, tarlaíonn go bhfuil leibhéal oideachais thar an choitiantacht ag an mhionlach dátheangach seo.

De réir na dtorthaí a thainig ó shuirbhéireacht an ISSP 2003 tá labhairt na Gaeilge ‘go maith’ ag 15.7% den phobal. Tá tréimhsí níos faide san oideachas caite ag na cainteoirí Gaeilge seo, agus cáilíochtaí níos airde ná an choitiantacht bainte amach acu. Chaith cainteoirí Gaeilge, ar an mheán, dhá bhliain níos faide sa chóras oideachais (14.4 bliain i gcomórtas le 12.6 bliain).

Rinneadh cinntiú staitistiúil ar na torthaí seo le ‘T-test’ chun na meánbhlianta a caitheadh san oideachas a chur i gcomparáid. Bhí tábhacht staitistiúil leis na torthaí ($t=5.911$, $df=954$, $p<0.001$). Tugann an toradh seo tacaíocht staitistiúil don chomparáid sin idir cainteoirí Gaeilge agus daoine eile.

Figiúr 4 anseo

Tar éis dúinn scrúdú a dhéanamh ar líon na mblianta atá caite ag dul faoi oideachas rinneamar athchódú ar leibhéal éagsúla an oideachais ina dtrí ghrúpa: An Teastas Sóisearach (a dtugtar faoi thart ar aois 15) agus faoina bhun; uaidh sin go dtí An tArdteastas (a dtugtar faoi thart ar aois 18, ar do dhuine an méanoideachas a chríochnú); agus iad siúd a fuair roinnt áirithe den oideachas tríú leibhéal, ar a laghad. Tar éis dúinn crostábla a dhéanamh idir a leibhéal oideachais agus labhairt na Gaeilge,

b'fhacthas dúinn gur mó seans gur fhreastail cainteoirí Gaeilge ar an ollscoil (47.6% - 26.7%) agus gur lú seans gur fhág siad an scoil agus gan ach An Teastas Sóisearach nó gan aon cháilíocht acu (21.7%- 45.4%).

Ábharacht Aoise

Trí ranna aoise nó aoisghrúpaí a rinneamar amach chun go bhféadfaimis an bhaint idir labhairt na Gaeilge 'go maith' agus an t-oideachas a scrúdú de réir aoisghrúpa – 18-33, 34-53 agus 54 nó níos sine (tráth na suirbhéireachta i 2003). Socraíodh ar na haoisteorainneacha sin de bhrí gur roinn an tsuirbhéireacht sin an sampla ina thrí chuid, agus go mbeadh an chéad agus an dara haoisghrúpa tar éis freastal ar an chóras oideachais tar éis d'oideachas an dara leibhéal a bheith ar fáil gan táillí, chomh maith le deiseanna nua chun a bheith in ann freastal ar an tríú leibhéal; agus gur fhreastail an grúpa ba shine tráth a bhí pas sa Ghaeilge riachtanach leis an Ardteastas a bhaint amach.

Léiríonn an crostábla gur beag difríocht atá ann idir leibhéal oideachais na gcainteoirí Gaeilge agus daoine eile i measc an ghrúpa is óige. Is ionann an scéal fosta ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus faoina bhun (11.8% cainteoirí Gaeilge i gcomparáid le 16.2% daoine eile), ag leibhéal na hArdteiste (39.2% cainteoirí Gaeilge i gcomparáid le 34.6% daoine eile) agus ach go háirithe ag an tríú leibhéal (49-49.1%). Chomh maith leis sin, is díol suntais é a laghad den aoisghrúpa seo a d'fhág an scoil agus Teastas Sóisearach acu, nó gan cháilíocht ar bith, i gcomparáid leis na haoisghrúpaí is sine. Is suntasaí fós mar atá le feiceáil nach bhfuil an céatadán de chainteoirí Gaeilge a d'fhreastail ar an tríú leibhéal níos airde san aoisghrúpa is óige ná sna haoisghrúpaí is sine, ach go bhfuil méadú an-mhór i gcéatadán na ndaoine óga nach cainteoirí Gaeilge iad a d'fhreastail ar fhoras tríú leibhéal i gcomparáid leis na

daoine is sine nach cainteoirí Gaeilge iad. D'fhéadfaí a rá go bhfuil na daoine nach cainteoirí Gaeilge iad tar éis teacht suas leis na cainteoirí Gaeilge. Míniú amháin ar an scéal, ná go bhfuil pleanáil straitéiseach á cur i bhfeidhm i dtaobh a rogha cúrsa tríú leibhéal a bhaint amach. Daoine ar suim leo na cúrsaí in Ollscoil na hÉireann a dteastaíonn pointí arda chun áit a fháil iontu, dírionn siad ar chaighdeán ard sa Ghaeilge a bhaint amach. Daoine a bhfuil spriocanna eile sa tríú leibhéal acu, ní gá dóibh ach gnáthleibhéal sa Ghaeilge, nó dul a lorg eisceachtú. Mar a shílfeá, níl aon luach staitistiúil ag an bhaint atá ann idir labhairt na Gaeilge agus leibhéal an oideachais don ghrúpa is óige ($\chi^2 = .793$, $p = .673$).

Ach is scéal eile ar fad é cás na ndaoine sa lár-aoisghrúpa idir 34 agus 53 bliain d'aois. Níor fhág an scoil ach cainteoir Gaeilge amháin ag a raibh an Teastas Sóisearach nó faoina bhun os coinne gach ceathrar daoine eile. (42.7% agus 9.8% faoi seach). Tagann cúngú ar na difríochtaí ag leibhéal an Ardteastais ach tá difríocht shuntasach ag an tríú leibhéal: d'fhreastail 60.7% cainteoirí Gaeilge anseo ach níor fhreastail ach 23.1% daoine eile. I measc na gcainteoirí Gaeilge tá céatadán níos airde a d'fhreastail ar an tríú leibhéal (60.7%) ná insa dá aoisghrúpa eile (47.6%). (Fillfimid ar an gceist seo ar ball.) I gcás an dá aoisghrúpa is sine, tá tábhacht staitistiúil ag an bhaint idir leibhéal an oideachais agus labhairt na Gaeilge 'go maith'. ($\chi^2 = 40.309$, $p < .001$) agus tá meántreise ag baint leis (Cramer's $V = .318$, $p < .001$) i gcomparáid le lagtreise nuair nach gcuirtear an aois san áireamh. I gcás daoine a rugadh sna caogaidí nó sna seascaidí ar cainteoirí Gaeilge iad, is mó seans gur fhreastail siad sin ar an tríú leibhéal: cúig oiread níos mó ná daoine eile gan labhairt na Gaeilge 'go maith' acu an seans staitistiúil gur fhreastail siad seo ar an leibhéal sin.

I gcás na ndaoine a rugadh roimh 1950, bhí roinnt difríochtaí idir cainteoirí Gaeilge agus daoine eile agus idir an aoisghrúpa seo agus na haoisghrúpaí is óige ná

iad. Ba lú seans gur bhain siad seo amach leibhéal an Ardteastais nó an tríú leibhéal ná na daoine is óige. Ach ba mhó an seans go ndeachaigh na cainteoirí Gaeilge ar aghaidh chomh fada leis an Ardteastas ná daoine eile san aoisghrúpa is sine seo (24.1% cainteoirí Gaeilge 16.1% daoine eile) agus go dtí an tríú leibhéal (31.5% cainteoirí Gaeilge agus 14.2% daoine eile). San aoisghrúpa seo féin tá tábhacht staitistiúil ag na difríochtaí oideachais seo ($\chi^2 = 14.151$, $p = .001$) ach níl sé ach lag (Cramer's $V = .193$, $p = .001$).

Ar an iomlán, is léir go bhfuil meánleibhéal an oideachais níos airde ag cainteoirí Gaeilge ná mar atá ag daoine eile sa chás gur rugadh iad roimh 1970. Tá an patrún seo níos soiléire agus níos láidre i gcás an dreama a rugadh sna caogaidí agus sna seascaidí. B'fhéidir gurbh é an príomhchúis a bhí leis sin ná gur thóg sé tamall de bhlianta sula ndeachaigh na socruithe polasaí i bhfeidhm go hiomlán, cé gur géire an ceistiú a dhéantaí ar na polasaithe oideachais a bhain le teagasc agus éigeantacht na Gaeilge le linn na mblianta sin. Tharla go leor athruithe móra oideachais sna seascaidí agus sna seachtóidí: tugadh isteach saoroideachas ag an dara leibhéal sna seascaidí; cuireadh deireadh le Gaeilge éigeantach a bhaint amach chun pas san Ardteastas agus chun post sa tseirbhís phoiblí a gnóthú i 1973; agus cuireadh mórathruithe i bhfeidhm i gcuraclam na bunscolaíochta a laghdaigh an bhéim ar theagasc na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta. De thairbhe na n-athruithe seo go léir níor bhain aon bhuntáiste ábhartha ar leith le líofacht sa Ghaeilge ach amháin don dream a dteastódh uathu freastal ar choláiste de chuid Ollscoil na hÉireann (toisc go raibh pas sa Gaeilge fós riachtanach sa Mháithreánach chun cead isteach a fháil).

Ábharacht Inscne

Tá na difríochtaí oideachais fós le sonrú idir cainteoirí Gaeilge agus daoine eile, fiú agus inscne curtha san áireamh. Tá laghdú, áfach, ar an gcomhchoibhneas idir leibhéal oideachais agus labhairt na Gaeilge i gcás na bhfear ($\chi^2 = 9.044$, $p < .05$) agus tá an bhaint eatarthu níos laige ná mar a bhí agus gan cúrsaí inscne a bheith curtha san áireamh (Cramer's $V = .14$, $p < .05$). De na daoine nár chainteoirí Gaeilge iad ní raibh difríocht idir an líon fear agus ban a d'fhreastail ar fhoras tríú leibhéal (26.7%). Bhí a mhalairt de scéal fíor i measc na gcainteoirí Gaeilge, d'fhreastail céatadán ní b'airde ban ná fear ar fhoras tríú leibhéal (51% agus 42.9% faoi seach). Cé gurb ann don difríocht seo idir fir agus mná ar cainteoirí Gaeilge iad, is í an difríocht idir leibhéal oideachais Gaeilgeoirí mná agus neamh-Ghaeilgeoirí mná an difríocht is mó dá bhfuil ann. Tá tábhacht staitistiúil ag an toradh seo ($\chi^2 = 33.428$, $p < .001$) agus tá an bhaint níos láidre ná mar a bhí i gcás na bhfear (Cramer's $V = .236$, $p < .001$). Tá cosúlacht idir an toradh seo agus torthaí ó thaighde eile a léiríonn go nglacann céatadán níos airde cailíní ná buachaillí an Ghaeilge san Ardeastas agus go sroicheann siad caighdeán níos airde ná na buachaillí (Nic Ghiolla Phádraig and Kilroe 2002).

An Ghaeilge mar Chaipiteal Cultúrtha anois agus sa todhchaí

Cé gur thug móránh suntasach den phobal tacaíocht leanúnach, idéolaíoch do riachtanas na Gaeilge mar ábhar scoile (CLAR 1975); (Ó Riagáin and Ó Gliasáin 1984); (Ó Riagáin 1992), bhí défhiúsacht agus diúltú, fiú, roimh an riail go mbeadh an Ghaeilge riachtanach don Ardeastas. Dá ainneoin sin, bhí trí chrann taca ag an rialtas leis an riachtanas sin a choinneáil ar bun. I dtosach báire, bhí soláthar maith múinteoirí Gaeilge á dhéanamh ar na scoileanna, sa dara dul síos, bhí Gaeilge

riachtanach d'earcaigh na Státseirbhíse agus le haghaidh fostaíochta eile sa tseirbhís phoiblí, agus b' é an tríú taca don Ghaeilge sna scoileanna an riachtanas Gaeilge a bhain le Máithreánach Ollscoil na hÉireann. Tá scrúdú an Ardteastais mar dhlaoi mhullaigh an mheánoideachais in Éirinn. Sa scrúdú sin glacann daltaí suas le deich n-ábhar, agus bíonn íosmhéid sé ábhar ag teastáil don Mháithreánach. Ní gá do na daltaí sa Bhreatain ach staidéar a dhéanamh ar a dhó nó a trí d'ábhair ag an leibhéal sinsearach. Sa chomhthéacs seo tá tábhacht leanúnach ag an Ghaeilge chun dul chun cinn a dhéanamh trí cháilíochtaí oideachais a bhaint amach.

Bhain Butler agus Nic Ghiolla Phádraig (1999) leas as an fhaisnéis ó thaighde a rinne Clancy (Clancy 1995; Clancy agus Wall 2000) agus atá ar fáil i dtuarascáileacha Bord na Gaeilge 1986 ar na hiarrthóirí i leith cúrsaí sna 56 Coláistí agus Forais Ardoideachais atá páirteach sa chóras iontrála atá ag an Lár-Oifig Iontrála. Ba é a léirigh siad sin gur tháinig laghdú i gcéatadán na n-iarrthóirí a ghlac cúrsa Ardleibhéil Gaeilge san Ardteastas idir 1980 agus 1992 ach gur ardaigh an céatadán arís i 1998 i gcás daoine ón uile chúlra shoch-eacnamúil.

Bhí ceangal idir an Ghaeilge a bheith ina hábhar Ardleibhéil san Ardteastas agus an foras inar cláraíodh. Is ag na hOllscoileanna a bhí na céatadáin ab airde macléinn 'Ardleibhéil' – fiú amháin sna hOllscoileanna nach bhfuil Gaeilge riachtanach mar ábhar máithreánaigh acu – Ollscoil Chathair Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Luimnigh. Ar na micléinn nua insna hollscoileanna, bhí beirt a ghlac an tArdleibhéal os coinne gach duine a ghlac páipéar Gnáthleibhéil Gaeilge. Ach sna hInstitiúidí Teicneolaíochta agus sna Coláistí Príobháideacha bhí triúr nó ceathrar macléinn nua ann ag a raibh Gnáthleibhéal os coinne gach duine ag a raibh Ardleibhéal Gaeilge. Tá íosmhéid Grád C ag Ardleibhéal sa Ghaeilge mar riachtanas

iontrála do na Coláistí Oideachais úd atá urraithe ag an Stát chun múinteoirí a sholáthar do na bunscoileanna.

Toisc go bhfuil ‘córas na bpointí’ i bhfeidhm chun áit a bhaint amach ar chúrsaí tríú leibhéal, caithfidh na hiarrthóirí pleanáil dá réir. Bíonn an comórtas is géire ann le haghaidh cúrsaí a bhronnann cáilíochtaí gairmiúla, nó nach nglacann le mórán macléinn. Bíonn ar na hiarrthóirí ar na cúrsaí ardéilimh seo páipéir Ardleibhéil a dhéanamh i ngach ábhar don Mháithreánach agus Grád A nó B a bhaint amach iontu seo. Dá bharr sin, is ag na hiarrthóirí ar chúrsaí sa Leigheas, sa Léann Achtúire agus Airgeadais, sa Tréidlíocht agus san Fhisiteiripe a bhí na céatadáin ab airde Grád A sa Ghaeilge. (Butler and Nic Ghiolla Phádraig 1999)

Rinne Ó Riagáin taighde ar Chorca Dhuibhne inar bhain sé leas as coincheap a chruthaigh Bourdieu ar a tugtar ‘margaidh theangeolaíocha’. Bhunaigh sé sin cás gur tháinig ardú stádais ar an Ghaeilge de thairbhe a luacha chun pas a bhaint amach sna scrúduithe Stáit agus chun fostaíocht a fháil sa tseirbhís phoiblí:

Even though state intervention did not succeed in establishing Irish as the dominant national language, the policy had a significant impact which cannot be omitted from the analysis of attitudes. It would appear that these policies, particularly in the period 1922-1960, succeeded in changing the ‘rules’ of the social mobility process. They were not, however, comprehensive enough to affect all sectors of the economy; the impact was at best patchy and the rather obvious fact that only some benefited from the policies caused resentment and controversy (Ó Riagáin 1992).

Cé go raibh údar gearáin ann nach raibh aon dualgas ar sheirbhísigh phoiblí an Ghaeilge a úsáid tar éis a gceapacháin agus gur minic a bhain deacrachtaí móra fiú le foirmeacha agus eolas i nGaeilge a fháil ó na Ranna Stáit, ba mhór an cúnamh a bhí sa riachtanas sin i dtaca le hearcaíocht de chun líon na gcainteoirí Gaeilge a athnuachan thar na blianta. Bhí idir Státseirbhísigh agus mhúinteoirí mar chéatadán ard i measc na ndíograiseoirí teanga (CLAR 1975; Nic Ghiolla Phádraig, et al. 1989). Nuair a tháinig deireadh leis an choinníoll seo maidir le hearcaigh don Státseirbhís i 1974, tháinig ísliú ar luach na Gaeilge, cé go raibh tairbhe imeallach fós leis an teanga ó thaobh ardú céime a fháil, mar iarracht chun a chinntiú go bhféadfaí leanúnachas a bhuanú sa tseirbhís trí Ghaeilge don phobal. I dtosach b'fhiú 10% í den mharc iomlán sna comórtais inmheánacha le haghaidh ardú céime, ach íslíodh an céatadán thar na blianta go 3% agus ba mhinic a tugadh neamhaird air (An Coimisinéar Teanga 2005). I bhFeabhra 2006, d'fhógair an tAire Airgeadais go raibh deireadh le marcanna bónais don Ghaeilge chun ardú céime a fháil sa Státseirbhís. Níl fágtha anois mar thacaíocht ag an Ghaeilge sa chóras oideachais ach Máithreánach Ollscoil na hÉireann. D'fhógair ceannaire Fhine Gael, Enda Kenny, le deireannas, go gcuirfeadh a pháirtí siúd deireadh leis an riachtanas Gaeilge a bheith mar ábhar don Ardeastas agus go n-athróidís modhanna teagaisc na Gaeilge ag an dara leibhéal. Chun cloí le samhail an 'mhargaidh theangeolaígh', d'fhéadfaí a rá go bhfuil 'príobháidiú' á dhéanamh ar an Ghaeilge díreach ar an gcaoi céanna ag na forais stáit.

Ach is é rud atá sruth cultúrtha atá contráilte leis na treochtaí seo ag bailiú nirt fosta. Is léir go go bhfuil margadh nua teangeolaíoch á chruthú, bunaithe ar an fhás atá tagtha ar dheiseanna fostaíochta trí Ghaeilge a úsáid seachas díreach mar cháilíocht iontrála.

Cé gurbh é an Stát a thionscnaigh an sruth seo trí ghéilleadh do na héilimh ar chearta teanga a rinne lucht labhartha na Gaeilge, tá ‘margadh’ nua agus dinimicí dá chuid féin aige, bunaithe don chéad uair san earnáil phríobháideach chomh maith leis an earnáil phoiblí. De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ('Official Languages Act' 2003) tá dualgas ar an Stát roinnt seirbhísí a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla. Caithfidh na forais stáit plean teanga a dhréachtadh á leagan amach cé na seirbhísí a bheidh ar fáil trí Ghaeilge agus an sceideal ama a bheidh ag baint leis (féach Treoirlínte 2004). Tá seirbhísí aistriúchain phríobháideacha bunaithe chun an t-éileamh ar dhoiciméid i nGaeilge a chur ar fáil. Tá cáineadh déanta ar an Acht de bhrí nach dtugann sé cothromaíocht teanga sna réimsí seirbhísí atá á dtairiscint: ‘Private translation services have been subcontracted to help meet some of the demand for production of Irish documentation’ (Ó Laighin 2003). Ach mar sin féin, tá sé tábhachtach go dtugann an tAcht den chéad uair tosaíocht don Ghaeilge sa Ghaeltacht i soláthar seirbhísí na bhforas stáit (féach Treoirlínte 3.5.1: 28 ina leagtar síos go gcaithfear ‘a chinntiú ... gurb í an Ghaeilge teanga nádúrtha uathoibreach sheachadadh na seirbhíse sa Ghaeltacht’). Tugann an polasaí nua dúshlán an drochthionchair a bhain le forais stáit nár phléigh le pobal na Gaeltachta i nGaeilge – laige a aithníodh i dtaighde a rinneadh breis is tríocha bliain ó shin. (CLAR 1975). Tugann ceapachán Coimisinéir Teanga téagar don pholasaí seo trí thacaíocht a chur ar fáil do shaoránaigh ar cuireadh constaicí ina slí ina n-iarrachtaí ar ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge le forais stáit.

Tugann an bua a bhí ag feachtas ‘Stádas’ Gaeilge a bheith san áireamh mar theanga oifigiúil sa Chomhphobal Eorpach (i bhfeidhm ó Lá Coille 2007) breis deiseanna fostaíochta do chainteoirí Gaeilge mar theangairí. Bhí tréith ar leith ag feachtas ‘Stádas’ mar, den chéad uair, eagraíodh tacaíocht ó gach páirtí polaitiúil sa

Stát chun an cinneadh a rinne Rialtas na hÉireann i 1973, agus ballraíocht sa CEE á ghlacadh acu, go mbeadh an Ghaeilge mar theanga oifigiúil, rud a bhí á thairiscint ag an Bhruiséil san am.

Idir an dá chinneadh seo, tá éileamh á chothú i réimse níos leithne fostaíochta ná mar a bhí riamh cheana ar oibrítheoirí a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu. Níl na himpleachtaí go leir feicthe againn go fóill, ach tugann bunú Teilifís na Gaeilge (TG4) i 1996 tuairimí faoin scóip nua fostaíochta a leanann polasaí den sórt seo. Nuair a fógraíodh go raibh an beartas seo le cur i bhfeidhm tháinig méadú mór ar líon na macléinn sa chéad bhliain Ealaíona (ó 355 go 525 thar thréimhse bliana 1992-3 agus 1993-4). Lean an t-ardú seo ar aghaidh agus shroich líon na macléinn a chláraigh don Ghaeilge mar ábhar chéad bliana 768 i 1998-9. Bhí an patrún céanna le feiceáil fosta i gcúrsaí céime eile a raibh an Ghaeilge mar rogha iontu (Nic Ghiolla Phádraig agus Kilroe 2002). Tá roinnt fostaíochta i stáisiún na teilifíse féin ach tagann an t-éileamh is mó ar fhostaithe le Gaeilge ó chomhlachtaí meáin neamhspleacha a bhíonn san iomaíocht le haghaidh conarthaí ar chláracha i nGaeilge a sholáthar, nó chun aistriúchán a dhéanamh ar chláracha iomportáilte. Tá cuma inmhianta ar na poist sin agus is deas mar a chuireann siad leis na huainí traidisiúnta fostaíochta sa mhúinteoireacht agus sa tseirbhís poiblí. Cé gur dul chun cinn é go bhfuil fostaithe ag teastáil anois a bhainfidh feidhm as an Ghaeilge, i gcuma le mar a bhí cúrsaí nuair nach raibh gá léi ach amháin mar cháilíocht iontrála, níl réiteach iomlán an scéil sa dul chun cinn seo. Níl an Ghaeilge mar theanga oibre ag mórán de na comhlachtaí nua seo agus, cé go bhfuil ábhar á sholáthar ag na fostaithe le Gaeilge, is annamh a bhíonn siad ag plé go díreach leis an phobal. Ní cumarsáid eadarphearsanta a bhíonn á cothú dá bharr ach tomhaltóireacht phríobháideach.

Chríoch

Le tréan mioscaise a tugadh ‘Is iad na cainteoirí Gaeilge is cliste’ mar theideal ar an pháipéar seo ar dtús. B’fhéidir go mbeadh sé ní ba chruinne a leithéid seo a rá: ‘is iad na cainteoirí Gaeilge baineanna agus sinsearacha is cliste’. Is é fírinne an scéil, is dócha, gur mó cainteoirí Gaeilge a tháinig chun cinn de bharr na bpolasaithe teanga le dhá scór bliain anuas tar éis bhunú an tSaorstáit, ach go raibh an éifeacht teoranta don dream a d’fhan ar scoil ní b’fhaide ná an bhunscolaíocht agus a chaith níos mó ama ag foghlaim Gaeilge. Is é an fáth is mó a bhfuil céatadán níos airde cainteoirí Gaeilge ann ag a bhfuil leibhéal oideachais níos airde mar go raibh buntáiste ó thaobh oideachais de, b’fhéidir, acu siúd a raibh Gaeilge acu agus, lena chois sin, mar go raibh plé leis an Ghaeilge ar feadh tréimhse ní b’fhaide acu siúd a raibh leibhéal ní b’airde oideachais acu. Laghdaíodh ar an bhuntáiste seo, agus ar an chumas chun Gaeilgeoirí a sholáthar, leis na déaga de bhlianta anuas de bhrí gur maolaíodh ar pholasaithe éigeantacha i leith na Gaeilge. Lena chois sin, tháinig feabhas ar an ngeilleagar sa dóigh gur mhó an tábhacht a bhain feasta le fostaíocht san earnáil phríobháideach ná san earnáil phoiblí. Is léir nach bhfuil an buntáiste céanna ann anois a bhíodh ag an té le Gaeilge i dtaca le hoideachas tríú leibhéal a bhaint amach, mar nach bhfuil aon difríocht a thuilleadh sna rátaí freastail ar an leibhéal sin idir cainteoirí Gaeilge agus daoine nach iad. Nó b’fhéidir gur léiriú é ar chailliúint éifeachta an chórais oideachais chun cainteoirí Gaeilge a sholáthar faoi mar a dhéanadh.

Más fíor d’Ó Riagáin (1988) nuair a mheas sé go raibh mionlach na gcainteoirí Gaeilge ag brath ar na scoileanna mar fhoinsé athnuachana, is comhartha baoil don teanga é an t-athrú seo. Cé go raibh go leor daoine den tuairim go ndeachaigh na polasaithe thar fóir, gur chaill páistí deiseanna chun ábhair eile a fhoghlaim agus go

raibh Gaeilge éigeantach ródhian ar pháistí ag a raibh deacrachtaí foghlama, bhí an taobh dearfach ann freisin. Bhí dhá thoradh ar dheireadh a bheith curtha le Gaeilge éigeantach: ar thaobh amháin, tháinig ardú leanúnach ó na seachtóidí ar aghaidh ar líon na ndaoine a mhaígh go raibh labhairt na Gaeilge acu; agus ar an taobh eile, is lú an céatadán daoine óga i measc na gcainteoirí Gaeilge a fhreastalaíonn ar an trú leibhéal (49%) ná daoine meánaosta (60.7%). B'fhéidir go míníonn athruithe insna toscaí eacnamúla an scéal sin. I gcás na gcainteoirí meánaosta Gaeilge a bhfuil cumas acadúil acu, bhí deiseanna acu dul i dtreo gairme mar mhúinteoir, nó d'fhéadfaidís post a lorg mar Státseirbhíseach. Toisc go raibh Gaeilge riachtanach le haghaidh na bpost sin ní haon ionadh go raibh céatadán ard cainteoirí Gaeilge ina measc (Nic Ghiolla Phádraig, Brady agus Parker 1989). Bhí tarraingt ar leith ag an mhúinteoireacht do na mná, mar go bhféadfaidís leanúint sa phost tar éis pósta dóibh, tráth a bhí cosc i bhfeidhm i gcás mórán post eile. Bhí deacrachtaí ag daoine nár chainteoirí Gaeilge iad freastal ar Ollscoil na hÉireann (agus bhí cosc ag an Eaglais Chaitliceach ar fhreastal ar Choláiste na Tríonóide – nach n-éilíonn Gaeilge dá Mháithreánach siúd). Ach le glúin anuas tá mórán athruithe ar na toscaí seo, ní hamháin go bhfuil lagú ar an 'Ghaeilge éigeantach' ach tá an cosc eaglasta ar Choláiste na Tríonóide imithe fosta, tá mórán foras ardoideachais eile bunaithe, tá céatadán i bhfad níos airde den daonra ag freastal ar thrú leibhéal, tá deiseanna fostaíochta i bhfad níos leithne, agus fágann sé sin uile gur lú an buntáiste anois labhairt na Gaeilge a bheith 'go maith' ag duine.

Tá léamh amháin ar an scéal seo a mhaíonn gur ag leibhéal siombalach, náisiúnach amháin atá an dearcadh dearfach nua seo i leith na Gaeilge. Mar a deirte: béalchráifeacht don Ghaeilge ach gan í a bheith á labhairt. Ach tá léamh eile ann a luann forás na nGaelscoileanna ag bun- agus dara leibhéal ó na seachtóidí ar aghaidh.

Roghnaíonn na tuismitheoirí a gclann a sheoladh chuig scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagaisc agus cumarsáide, mar mhalairt ar an gcóras stáit a bheith á bhrú orthu. (Is minic a mheasann siad féin go bhfuil an córas ag iarraidh an fhorbairt seo a chosc.) De réir an taighde a rinne Murtagh (2003) is mó seans go leanfaidh na páistí a d'fhreastail ar ghaelscoil leis an Ghaeilge a labhairt ná páistí eile. Chomh maith leis an bhuntáiste sa Ghaeilge, bíonn gréasán de chainteoirí Gaeilge eile ag na daltaí seo, gréasáin a mhaireann go minic tar éis dóibh an scoil a fhágáil, ach cé go bhfuil gluaiseacht na ngaelscoileanna tábhachtach, 2.3% amháin de dhaltaí na tíre ag freastal orthu (Nic Ghiolla Phádraig agus Kilroe 2002). Mar sin féin, tá an Ghaeilge fós mar ábhar scrúdaithe Teastais ag thart faoi 90% de dhaltaí na hÉireann. Tá creimeadh mall, leanúnach ar an chéatadán seo, áfach, le blianta beaga anuas.

Tá sé deacair a rá cén toradh fadtéarmach a eascróidh as an athrú polasaithe ó éigeantacht go cearta mionlach. Is cosúil gurb é a bheidh mar thoradh ar an dearcadh i leith na Gaeilge atá ag éirí níos dearfa i rith an ama agus a chuirtear in iúl ar bhealach príobháideach agus trí phobalbhreitheanna den chuid is mó seachas i raon díospóireachta poiblí na n-ollmheán cumarsáide go mairfidh an Ghaeilge ar a laghad mar chomhartha den fhéiniúlacht náisiúnta. Ach tá laghdú leanúnach ann i líon na gcainteoirí Gaeilge a sholáthraíonn an córas oideachais. Mar eisceacht air sin, tá na gaelscoileanna a gheallann mionlach líofa amach anseo.

Ag féachaint siar thar chupla céad bliain, tá claochló le feiceáil ón teanga a beith ceangailte le bochtanas agus aineolas agus á ruaigeadh le cabhair an bhata scóir san naoú haois déag go dtí an staid, sa fichiú haois a raibh dlúthbhaint idir céatadán níos airde ná an choitiantacht a bheith ag freastal ar thrú leibhéal agus labhairt na Gaeilge 'go maith' a bheith acu. Níl an patrún seo fíor a thuilleadh i gcás an ghrúpa is óige aosach sa daonra. De bhrí go bhfuil mórán dá luach cailte ag an Ghaeilge mar

chaipiteal cultúrtha agus tanú déanta ar na struchtúir a chinntigh líon beag ach suntasach de chainteoirí Gaeilge a bheith ar fáil, is léir go bhfuil dul chun cinn feasta ag brath cuid mhaith ar thábhacht na teanga mar shiombal náisiúnach.

Leabhareolas

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

An Coimisinéir Teanga 2005 Tuarascáil Bhliaintúil.

Bord na Gaeilge 1986 'Irish and the Education System: an Analysis of Examination Results', Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge.

Butler, P. agus Nic Ghiolla Phádraig, M. 1999 'Irish Language Results in the Certificate Examinations 1990-1999', Baile Átha Cliath: Ionad Taighde na nEolaíochtaí chomhdhaonnacha, COÁC.

Clancy, P. 1995 'Access to College: Patterns of Continuity and Change', Baile Átha Cliath: An t-Údarás Um Ard Oideachais.

Clancy, P. and Wall, J. 2000 *Social Background of Higher Education Entrants*, Baile Átha Cliath: Ionad Taighde na nEolaíochtaí Chomhdhaonnacha, COÁC.

CLAR 1975 'Committee on Irish Language Attitudes Research Report', Baile Átha Cliath: Rialtas.

Crowley, T. 2005 *Wars of Words: The Politics of Language in Ireland 1537-2004*, Oxford: Oxford University Press.

Department of Rural, Community and Gaeltacht Affairs 2004 'Guidelines under section 12 of the Official Languages Act 2003'

<http://www.pobail.ie/en/IrishLanguage/OfficialLanguagesAct2003>


- Dewar, D.** 1812 *Observations on the character, customs, and superstitions of the Irish : and on some of the causes which have retarded the moral and political improvement of Ireland*, London: Printed for Gale and Curtis.
- Dowling, P. J.** 1968 *The Hedge Schools of Ireland*, BaileÁtha Cliath: Mercier.
- Fishman, J. A.** 1991 *Reversing Language Shift: Theoretical and Empirical Foundations of Assistance to Threatened Languages*, Clevedon: Multilingual Matters.
- Kelly, A.** 2002 *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland 1870s-1970s*, BaileÁtha Cliath: Irish Academic Press.
- Murtagh, L.** 2003 'Retention and Attrition of Irish as a Second Language', Vol. PhD Thesis: University of Groningen, The Netherlands.
- Nic Ghiolla Phádraig, M., Brady, J. and Parker, A. J.** 1989 'The Hidden Dublin: An Analysis of the Distribution of Irish Speakers in the Dublin Metropolitan Region', *Administration* 37(1): 7-24.
- Nic Ghiolla Phádraig, M. and Kilroe, J.** 2002 'Irish Language Results in the Certificate Examinations 1990-2001: A Report Prepared for Foras na Gaeilge', Baile Átha Cliath: Social Science Research Centre, COÁC.
- Ó Ciosáin, N.** 1997 *Print and Popular Culture in Ireland, 1750-1850*, Houndsmills: Macmillan.
- Ó Laighin, P.** 2003 'Acht na Gaeilge - Acht ar Strae: Léirmheas ar Acht na dTeangacha Oifigiúla' *Coiscéim An Aimsir Óg, Páipéar Ócáideach 4*, BaileÁtha Cliath.
- Ó Riagáin, P.** 1988 'Introduction', *Language Planning in Ireland: International Journal of the Sociology of Language* 70: 5-9.

— 1992 *Language Maintenance and Language Shift as Strategies of Social
Reproduction: Irish in the Corca Dhuibhne Gaeltacht 1926-86*, BaileÁtha Cliath:
Institiúid Teangeolaíochta Éireann.


Ó Riagáin, P. and Ó Gliasáin, M. 1984 *The Irish language in the Republic of
Ireland 1983: preliminary report of a national survey*, BaileÁtha Cliath: Institiúid
Teangeolaíochta Éireann.

Taylor, J. S. 1817 'Reasons for giving moral instruction to the native Irish, through
the medium of their vernacular language', London.


Watson, I. 2003 *Broadcasting in Irish*, Baile Átha Cliath: Four Courts Press.




Figiúr 1 Líon Gaeilgeoirí: Daonáirimh 1851-2002



Figióir 2 Céatadán Gaeilgeoirí: Daonáirimh 1851-2002



Figiúr 3 Chomh minic is a labhrann Gaeilgeoirí Gaeilge: Daonáireamh 2002



Figiór 4 Cumas labhartha na Gaeilge agus leibhéal oideachais